



Fógra Príobháideachta Earcaíochta an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta

Ráiteas Ginearálta:

Baineann an Fógra Príobháideachta seo le cleachtais phríobháideachta an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta (Coimisiún) i dtaca leis an úsáid a bhaintear as do shonraí pearsanta le linn cleachtaidh earcaíochta. Is é an Coimisiún Rialaitheoir na sonraí pearsanta go léir a bhailítear mar chuid den phróiseas earcaíochta.

Tá an Coimisiún go hiomlán tiomanta na sonraí pearsanta go léir a phróiseáil i gcomhréir le dlíthe agus prionsabail um chosaint sonraí. Cuirtear an ráiteas príobháideachta seo ar fáil duit de réir ár n-oibleagáid faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Tá sé tábhachtach dúinn a bheith trédhearcach faoin gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta. Mar sin, tá sé mar aidhm againn tú a choinneáil ar an eolas, tríd an bhfógra príobháideachta seo, maidir le gníomhaíochtaí próiseála sonraí a bhíonn idir lámha againn agus a bhaineann go sonrach le hearcaíocht.

Foinse na Sonraí

Baileofar na sonraí pearsanta uile:

- Go díreach ó iarratasóirí ar phost,
- Go hindíreach ó ghníomhaireachtaí earcaíochta (nuair is infheidhme), agus
- Moltóirí ainmnithe óna mbailimid sonraí maidir le fostaíocht roimhe sin agus feidhmiú le linn na fostaíochta roimhe sin.

Catagóirí Sonraí Pearsanta

Bailímid agus déanaimid próiseáil ar na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas a bhaineann leatsa:

- Sonraí Teagmhála, i.e., ainm, seoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist pearsanta,
- Iarratas poist (Cúrsa beatha, litir spreagtha, foirm phríomhghaisce, sampla scríbhneoireachta),
- Teistiméireachtaí/Sonraí Moltóra,

- d. Gearrliostú agus Nótaí Agallaimh,
- e. Comhfhreagras i dtaca le hiarratas, agus
- f. Torthaí ó thástálacha Síciméadracha agus/nó Inniúlachta

I gcás go bhfaighidh tú tairiscint uainn baileoidimid an fhaisnéis seo a leanas uait:

- a. Sonraí bainc,
- b. Dáta breithe,
- c. Seoladh,
- d. Uimhir phearsanta seirbhíse poiblí,
- e. Doiciméid a léiríonn fianaise do cheart chun oibre (lena n-áirítear stádas inimirce nuair is cuí),
- f. Ballraíocht i gceardchumann (nuair is infheidhme),
- g. Eolas i dtaca le pinsean stairiúil agus faisnéis eile i dtaca le pinsean eile lena n-áirítear inscne, stádas pósta, líon na gcleithiúnaithe, agus seoladh poist,
- h. Sonraí i dtaca le dearbhú sláinte agus carachtair, agus
- i. Sonraí teagmhála éigeandála.

Aidhm na Próiseála Sonraí

Déanann muid próiseáil ar do shonraí pearsanta chun:

- a. Do chuid scileanna, cáilíochtaí agus oiriúnacht don ról a mheas, i.e., trí agallaimh agus tástáil inniúlachta,
- b. Do chuid teistiméireachtaí a sheiceáil,
- c. Dul i mbun cumarsáide leat faoin bpróiseas earcaíochta, agus
- d. Taifid a choimeád maidir lenár bpróisis earcaíochta.

Bunús Dlíthiúil chun Próiseála

Ní choinneofar agus ní phróiseálfar na Sonraí Pearsanta a chuireann tú ar fáil i d'iarratas agus mar chuid den phróiseas earcaíochta ach amháin maidir le roghnú an iarrthóra rathúil agus, nuair is cuí, maidir le haon fhostaíocht ina dhiaidh sin. Ag brath ar an gcineál sonraí pearsanta a fhaighimid uait, braithimid ar cheann amháin nó níos mó de na forais dhleathacha seo a leanas chun do shonraí pearsanta a phróiseáil:

- a. **Toiliú:** Agus iarratas ar phost á dhéanamh agat, aontaíonn tú cead a thabhairt dúinn do shonraí i dtaca le hearcaíocht a phróiseáil.
- b. **Comhlíonadh Conartha:** déanfaimid do chuid do shonraí a phróiseáil chun ár n-oibleagáidí faoin gconradh fostaíochta a chomhlíonadh.

- c. **Oibleagáid de réir dlí:** déanfaimid do chuid shonraí a phróiseáil chun ár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht reachtúla ábhartha a chomhlíonadh.
- d. **Leas Bunúsach:** uaireanta d'fhéadfaí go ndéanfaimis do shonraí a phróiseáil ar bhonn do leas ríthábhachtach a chosaint.

Cinnteoireacht Uathoibríthe

Ní bheidh iarratasóirí poist faoi réir cinntí a imreoidh tionchar suntasach orthu bunaithe ar chinnteoireacht uathoibríthe amháin.

Roinnt Sonraí

Roinnfimid do chuid sonraí pearsanta le gníomhaireachtaí earcaíochta seachtracha ar mhaithe le trialacha measúnaithe a chur i gcrích. Déanfaimid do thoiliú a lorg sula roinnfidimid do chuid sonraí pearsanta le gníomhaireachtaí earcaíochta seachtracha.

Roinnfear na sonraí pearsanta a bhailítear ó iarratasóirí poist rathúla le tríú páirtithe ar nós ár soláthraí párolla, riarthóir pinsin, banc, an Roinn Iompair, Roinn na gCoimisinéirí Ioncaim agus údaráis inniúla eile.

Slándáil Sonraí

Tá bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí curtha i bhfeidhm againn chun do chuid sonraí pearsanta a chosaint ar chailliúint de thaisme, ar úsáid, nó ar rochtain neamhúdaraithe, ar athrú, nó ar nochtadh de bharr taisme. Áirítear leis na bearta seo, ach níl siad teoranta dóibh, beartais agus nósanna imeachta, rialúcháin rochtana agus cosaint pasfhocail. Tá dualgas dlíthiúil ar fhoireann an Choimisiúin agus ar na tríú páirtithe ar a roinntear na sonraí, faisnéis i dtaca leat a choinneáil faoi rún agus sábháilte, cibé acu ar pháipéir nó mar leagan leictreonach.

Sonraí a choinneáil

- a. Don té a cheapfar, coimeádfaimid na sonraí pearsanta mar chuid de chomhad pearsanra an iarratasóra.
- b. Don iarratasóir neamhrathúil, coimeádfaimid do chuid sonraí pearsanta ar feadh bliana i ndiaidh dheireadh an chomórtais earcaíochta. I ndiaidh na tréimhse sin, scriosfaimid do chuid sonraí pearsanta go slán agus i gcomhréir lenár bpolasaí maidir le sonraí a choinneáil.

Cearta an Duine is ábhar do na Sonraí

Mar dhuine is ábhar do na sonraí tá na cearta seo a leanas agat de réir an RGCS:

- a. Ceart rochtain a fháil ar do chuid sonraí pearsanta
- b. Ceart chun aon sonraí pearsanta míchearta a choigeartú
- c. Ceart go ndéanfaí do chuid sonraí pearsanta a scriosadh (nuair is iomhchuí)
- d. Ceart chun cur i gcoinne nó srian a chur le do chuid sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil
- e. Ceart iarratas a dhéanamh ar do chuid sonraí a aistriú chuig eagraíocht eile
- f. Ceart gan a bheith faoi réir cinnteoireachta agus próifílithe uathoibríthe

Más mian leat aon cheann de na cearta thuas a fheidhmiú, déan teagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí le do thoil agus na sonraí teagmhála thíos á n-úsáid agat:

Ríomhphost: dpo@aviationreg.ie

Guthán: +353 16 346 851

Seoladh Poist: Ionad Phort an Iarla, 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773

An Ceart Gearán a Thaisceadh

Chomh maith leis na cearta a luaitear thuas, tá sé de cheart agat chomh maith gearán a dhéanamh le húdaráis maoirseachta, arb é an Coimisiún um Chosaint Sonraí é in Éirinn agus as na sonraí teagmhála seo a leanas á n-úsáid agat.:

Ríomhphost: info@dataprotection.ie

Fón: +35 376 110 4800

Facs: +353 57 868 4757

Seoladh Poist: An Coimisiún um Chosaint Sonraí, Canal House, Bóthar an Stáisiúin, Cúl an tSúdaire, Co. Laoise R32 AP23 nó 21 Cearnóg Fitzwilliam Baile Átha Cliath 2, D02 RD28

Athruithe i dtaca leis an bhFógra Príobháideachta

Féadfaimid an fógra príobháideachta seo a chur in eagar nó nuashonrú a dhéanamh air ó am go chéile. Déan athbhreithniú ar an bhfógra príobháideachta seo ó am go chéile le do thoil le féachaint an bhfuil aon athrú déanta againn ar an mbealach a úsáidimid sonraí pearsanta.